



Coimisiún na Scrúduithe Stáit **State Examinations Commission**

An Ardteistiméireacht 2024

Cuntasaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí faoi úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíos a oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas maidir leis an réimse iomlán freagraí ó iarrthóirí, maidir le leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus maidir leis an ngá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeán de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh leaganacha difriúla nó malartacha a bheith inghlactha freisin. Ní mór do scrúdaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir go seachnaítear aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí más tuairimí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart iad. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

(a) Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais Yeats Teo don bhliain dar críoch 31/12/2023 [1]

	€	€	€
Díolacháin			1,080,700 [3]
Lúide Costais Díolachán			
Stoc tosaigh		44,400 [3]	
Ceannacháin N1		697,000 [7]	
Lúide stoc deiridh N2		(51,380) [7]	(690,020)
Brabús Comhlán			390,680
Lúide Speansais			
Costais Dáileacháin			
Lascaine	3,500 [3]		
Dímheas - Veaineanna Seachadta	24,890 [4]		
Fógraíocht	25,145 [3]	53,535	
Speansais Riaracháin			
Paitinní díscríofa N4	8,300 [5]		
Dímheas - Foirgnimh N5	7,330 [3]		
Tuarastail agus Speansais Ghinearálta N6	218,155 [7]	233,785	287,320
			103,360
Móide Ioncam Oibriúcháin			
Cíos a Fuarthas N7		10,500 [4]	
Laghdú ar sholáthar in aghaidh drochfhéich N8		432 [4]	
Brabús ar Dhiúscairt N9		400 [4]	11,332
Brabús Oibriúcháin			114,692
Ioncam Infheistíochta N10			2,400 [3]
			117,092
Lúide Ús Bintiúir N11			(8,800) [4]
Glanbhrabús			108,292
Lúide Díbhinní íoctha			(15,000) [2]
Brabús coinnithe			93,292
Cúlchiste Caipitil			(20,000) [2]
			73,292
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2023			34,800 [1]
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2023			108,092 [5]

(b) Clár Comhordaithe Yeats Teo. amhail an 31/12/2023

	Costas	Dímheas Cuntais	Glanluach leabhar
Sócmhainní Seasta Doláimhsithe			
Paitinní N12			33,200 [3]
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe			
Talamh agus Foirgnimh	700,000[1]		700,000
Mótarfheithiclí N13 & N14	131,000[3]	29,490[3]	101,510
	831,000	29,490	801,510
Sócmhainní Airgeadais			
Infheistíochtaí 3%			120,000 [2]
			954,710
Sócmhainní Reatha			
Stoc Deiridh		51,380 [2]	
Féichiúnaithe N15	69,200 [4]		
Soláthar in aghaidh Drochfhéich N16	(2,768) [1]	66,432	
Ioncam Infheistíochta dlite N17		1,500 [1]	
CBL N18		11,600 [3]	
		130,912	
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe N19	60,900[4]		
Banc	57,000[2]		
Ús Bintiúir dlite N20	2,800[2]		
Cíos Infhaighte réamhíochta N21	3,000[1]	123,700	7,212
			961,922
Maoinithe Ag			
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain			
Bintiúir 8%			140,000 [2]
Scairchaipiteal	Údaraithe	Eisithe	
Gnáthscaireanna ar €1 an ceann	1,000,000 [1]	400,000 [1]	
Scaireanna tosaíochta 4% ar €1 an ceann	600,000 [1]	100,000 [1]	
	1,600,000	500,000	
Cúlchiste Athluachála N22		178,830 [3]	
Cúlchiste caipitil		35,000 [1]	
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais		108,092 [1]	821,922
Caipiteal in Úsáid			961,922[2]*

Tá an dá iomlán ceart *

N1 Ceannacháin	747,000 - 46,000 - 4,000	697,000
N2 Stoc deiridh	56,900 - 1520 - 4000	51,380
N3 Dímhéas Mótarfheithiclí	131,000 X .95/5	24,890
N4 Paitinní díscríofa	40,600 + 900/5	8,300
N5 Dímhéas - foirgnimh	580,000 - 13,500 - 200,000 x .02	7,330
N6 Tuarastail agus Peansais Ghinearálta	218,355 + 400 -600	218,155
N7 Cíos	13,500 - 3,000	10,500
N8 Soláthar in aghaidh drochfhiach	3,200 -2,768	432
N9 Brabús ar dhíol	40,000 -30,400 -10,000	400
N10 Ioncam infheistíochta	120,000x .03 * 8/12	2,400
N11 Ús bintiúir	6,000+2,800 8,000 + 800	8,800
N12 Paitinní	41,500 - 8,300	33,200
N13 Mótarfheithiclí	115,000 + 56,000 - 40,000	131,000
N14 Mótarfheithiclí - AD	35,000 + 24,890 -30,400	29,490
N15 Féichiúnaithe	69,600 - 400	69,200
N16 Soláthar in aghaidh drochfhiach	69,200 x 4%	2,768
N17 Ioncam infheistíochta dlite	2,400 - 900	1,500
N18 CBL	(1,900) +13,500	11,600
N19 Creidiúnaithe	64,900 – 4,000	60,900
N20 Ús dlite	8,800 - 6,000	2,800
N21 Cíos Infhaighte réamhíoctha	13,500 - 10,500	3,000
N22 Cúlchiste Athluachála	133,500 + 38,000 +7,330	178,830

Ceist 1B Cuntais Deiridh cuideachta déantúsaíochta
75
(a) Cuntas déantúsaíochta do Sexton Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2023[1]

Stoc tosaigh – amhábhair		97,500 [1]
Ceannach amhábhair N1		574,200 [3]
Carraeireacht Isteach		15,800 [1]
Stoc deiridh – amhábhair		(33,400) [1]
Costas na n-amhábhair a úsáideadh		654,100
Costais Dhíreacha		
Pá monarchan		310,000 [2]
Buanchostas		964,100
Forchostais Mhonarchan		
Paitinn Díscríofa N2	16,000 [3]	
Ginearálta - Forchostas Monarchan N3	115,900 [6]	
Dímheas - Gléasra agus Innealra N4	112,500 [4]	
Caillteanas ar mheaisín N5	12,000 [5]	
caillteanas ar stoc damáistithe N6	580 [2]	
Dímheas ar fhoirgneamh an monarchan N7	12,800 [2]	269,780
		1,233,880
Cuir Stoc Oscailte leis - Obair ar Siúl	13,000[2]	
Lúide Stoc Oscailte - Obair ar Siúl	(22,100) [2]	(9,100)
		1,224,780
Lúide Díolachán Dramhábhair N8		(4,200) [3]
Costas na Déantúsaíochta		1,220,580

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais Sexton Teo don bhliain dar críoch
31/12/2023**

Díolacháin	N9		1,670,850 [4]
Lúide Costais Díolachán			
Stoc Tosaigh		76,000 [1]	
Costas na Déantúsaíochta		1,220,580 [2]	
Stoc Deiridh	N10	(89,000) [3]	(1,207,580)
Brabús Comhlán			463,270
Lúide speansais			
Costas ar Dhíolachán agus ar Dháileadh			
Lascaine	N11	800 [2]	
Speansais díola		99,000 [2]	
Méadú ar Sholáthar in aghaidh Drochfhéich	N12	1,533 [2]	
Speansais Riaracháin			
Dímheas - Foirgnimh	N7	3,200 [2]	
Speansais Riaracháin		113,000 [2]	(217,533)
			245,737
Móide Ioncam Oibriúcháin			
Cíos	N13		3,000 [3]
Brabús Oibriúcháin			248,737
Ioncam Infheistíochta	N14		1,875 [3]
Ús Bintiúir	N15		(16,000) [3]
Glanbhrabús			234,612
Díbhinn Íoctha			(47,000) [1]
Brabús Coinnithe			187,612
Aistriú go Cúlchiste			(20,000) [1]
			167,612
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2023			6,300 [1]
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2023			173,912 [5]

(b) Clár Comhardaithe Sexton Teo amhail an 31/12/2023**45**

Sócmhainní Seasta Doláimhsithe			
Paitinn N16			64,000 [2]
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	Costas	Dímheas Cuntais	Glanluach leabhar
Talamh agus Foirgnimh Monarchan	1,300,000 [1]		1,300,000
Gléasra agus Innealra N17&N18	740,000 [2]	191,500 [3]	548,500
	2,040,000	191,500	1,848,500
Infheistíochtaí 3%			150,000 [2]
			2,062,500
Sócmhainní Reatha			
Stoc Deiridh – Amhábhair	33,400 [1]		
Stoc Oscailte - Obair ar Siúl	22,100 [1]		
Stoc Deiridh – Earraí Críochnaithe	89,000 [1]	144,500	
Féichiúnaithe N19	25,550 [4]		
Lúide Soláthar in Aghaidh N19	(1,533) [1]	24,017	
Cúiteamh dlite N20		5,220 [1]	
Ioncam Infheistíochta dlite N21		375 [1]	
		174,112	
Lúide Dliteanais Reatha			
Banc N22	3,800 [4]		
Creidiúnaithe N23	58,000 [4]		
Cíos Infhaighte réamhíochta N24	3,000 [1]		
CBL	10,100 [1]		
Ús Bintiúir dlite N25	3,800 [2]	78,700	95,412
			2,157,912
Maoinithe Ag			
Creidiúnaithe: suimeanna dlite > 1 bhliain			
Bintiúir 8%			200,000 [2]
	Údaraithe	Eisithe	
Gnáth-scairchaipiteal	1,100,000 [1]	900,000 [1]	
Scairchaipiteal Tosaíochta	400,000 [1]	330,000 [1]	
	1,500,000	1,230,000	
Cúlchiste Athluachála N26		504,000 [3]	
Cúlchiste Caipitil		50,000 [1]	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2023		173,912 [1]	1,957,912
			2,157,912[2]*

Tá an dá iomlán ceart *

N1.	Ceannach Amhábhair	580,000 - 5,800	574,200
N2.	Paitinn	80,000/5	16,000
N3.	Ginearálta - forchostas monarchan	110,700 + 6,000 - 800	115,900
N4.	Dímheas ar innealra	29,250 + 29,250 NÓ 111,000 + 1,500	112,500
N5.	Caillteanas ar Mheaisín	40,000 - 7,000 - 21,000	12,000
N6.	Caillteanas ar stoc damáistithe	5,800 - 5,220	580
N7.	Dímheas - talamh	2% x 800,000 = 16,000	12,800 3,200
N8.	Lúide díolachán dramhábhair	11,200 - 7,000	4,200
N9.	Díolacháin	1,692,100 - 21,250	1,670,850
N10.	Stoc Deiridh - FG	72,000 + 17,000	89,000
N11.	Lascaine		800
N12.	Soláthar in aghaidh drochfhiach	25,550 x 6%	1,533
N13.	Cíos	6000 x 2/4	3,000
N14.	Ioncam infheistíochta	150,0000 x 3% x 5/12	1,875
N15.	Ús bintiúir	200,000 x 8%	16,000
N16.	Paitinn	80,000 - 16,000	64,000
N17.	Innealra - costas	780,000 - 40,000	740,000
N18.	Innealra - AD	100,000 + 112,500 - 21,000	191,500
N19.	Féichiúnaithe	45,000 - 21,250 + 1,800	25,550
N20.	Cúiteamh dlite	5,800 x 90%	5,220
N21.	Ioncam infheistíochta dlite	1,875 - 1,500	375
N22.	Rótharraingt Bhainc	8,000 + 1,800 - 6,000 NÓ 600 + 3,200	3,800 3,800
N23.	Creidiúnaithe	52,000 + 6,000	58,000
N24.	Cíos Infhaighte réamhíochta	6,000 - 3,000	3,000
N25.	Ús dlite	16,000 - 12,200	3,800
N26.	Dímheas - Foirgnimh	400,000 + 88,000 + 16,000	504,000

Ceist 2 Cuntais Fhoilsithe

(a) Cuntas Brabúis & Caillteanais Foilsithe Lyne Cpt don bhliain dar críoch 31/12/2023

Láimhdeachas	2,150,000 [2]
Costas Díolachán	1,479,500 [4]
Brabús Comhlán	670,500
Costais Dáileacháin	330,400 [5]
Speansais riaracháin	199,250 [4]
	140,850
Ioncam Oibriúcháin Eile	101,650 [3]
Brabús Oibriúcháin	242,500
Brabús ar dhíol talún	60,000 [1]
Ioncam Infheistíochta	4,200 [3]
	306,700
Ús bintiúir	30,400 [3]
Brabús ó ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin [1]	276,300
Cáin Chorparáide	87,000 [2]
Brabús ó ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánach	189,300
Díbhinn íoctha	35,000 [2]
Tuilleamh coimeádta	154,300
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/23	43,000 [2]
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/23	197,300 [3]

Cuirtear pionóis i bhfeidhm i gcás ina mbíonn na hiontrálacha san ord mícheart

1.	Costas Díolachán: $57,000 + 1,500,000 + 7,500 - 85,000$	1,479,500
2.	Costais Dáileacháin: $232,000 + 4,500 + 2,650 + 88,000 + 3,250$	330,400
3.	Speansais Riaracháin: $146,000 + 35,000 + 8,500 + 9,750$	199,250
4.	Ioncam Oibriúcháin Eile: $85,000 + 14,000 + 2,650$	101,650
5.	Ioncam infheistíochta: $140,000 \times 3\%$	4,200
6.	Ús Bintiúir $380,000 \times 8\%$	30,400
	Nóta: Dímheas - Foirgnimh 2% de $650,000 = 13,000$ Dáileadh: 25% de $13,000$ Riarachán: 75% de $13,000$	3,250 9,750

Nótaí leis na Cuntais**1 Nótaí ar Bheartas Cuntasaíochta [4]**

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Rinneadh athluacháil ar fhoirgnimh ag deireadh 2023 agus tá siad curtha san áireamh sna cuntais ag a méid athluachála.

Taispeántar feithiclí ag costas.

Ríomhtar an dímheas chun luach nó costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré eacnamaíoch fhóinteach, mar a leanas:

Foirgnimh 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim

Feithiclí 20% de chostas in aghaidh na bliana de réir méid chothroim

Déantar stoc a luacháil ar bhonn 'is túisce isteach, is túisce amach' ag an gcostas nó an glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

2 Brabús Oibriúcháin [4]

Tagtar ar an mbrabús oibriúcháin i ndiaidh an ghearrtha

Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe	101,000
Paitinn amúchta	7,500
Luach saothair an stiúrthóra	35,000
Táillí an iniúcháin	8,500

3 Díbhinní [2]

Gnáthdhíbhinní

Íocadh 5.8 cent in aghaidh na scaire 29,000

Díbhinní Tosaíochta

Íocadh 4.0 cent in aghaidh na scaire 6,000

4 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe [7]

	Talamh agus Foirgnimh	Feithiclí	Iomlán
	€	€	€
Costas/Luach ag 01/01/2023	1,060,000	440,000	1,500,000
Diúscairt	(210,000)		(210,000)
Barrachas Athluachála	100,000		100,000
Costas/Luach ag 31/12/2023	950,000	440,000	1,390,000
Dímheas Cuntais 01/01/2023	55,000	75,000	130,000
Muirear dímheasa don bhliain	13,000	88,000	101,000
	68,000	163,000	231,000
Aistriú ar Athluacháil	(68,000)		(68,000)
Dímheas Cuntais 31/12/2023	-	- 163,000	163,000
Luach glan de réir na leabhar 01/01/2023	1,005,000	365,000	1,370,000
Luach glan de réir na leabhar 31/12/2023	950,000	277,000	1,227,000

(b)

8

(i) Is éard is mír ábhartha de mhéid suntasach ann ná mír eisceachtúil. Is brabús nó caillteanas é agus ní mór é a thaispeáint ar leithligh sa chuntas brabúis agus caillteanais mar gheall ar a mhéid. In Lyne Cpt is sampla de mhír eisceachtúil é an brabús ar dhíolachán talún de €60,000.

(ii) Ní mór do chuntasóirí cloí leis na rialacháin seo a leanas:

An Rialtas – Reachtaíocht

An tAontas Eorpach – Treoracha

Boird na gCaighdeán Cuntasaíochta-FRS agus SSAPanna.

An Stocmhalartán-Rialaithe Liostaithe

(a) Ráiteas Caipitil 01/01/2023

Sócmhainní		
Talamh agus Foirgnimh	410,000 [1]	
Dímheas – Talamh agus Foirgnimh	(12,600) [1]	397,400
Mótarfheithiclí	168,000[1]	
Dímheas - Mótarfheithiclí	(50,400)[1]	117,600
Cógais réamhíoctha		330 [1]
Luach an eallaigh		88,000 [1]
Luach na gCaorach		35,600 [1]
Seic an bhainne dlite		6,900 [1]
Stoc breosla		370 [1]
Ioncam infheistíochta dlite		400 [1]
Infheistíochtaí		120,000 [2]
Banc		51,500 [1]
		818,100
Dliteanais		
ESB dlite	250 [1]	
Iasacht	30,000 [2]	
Ús iasachta dlite	1,250 [2]	31,500
Caipiteal amhail 01/01/2023		786,600 [2]

(b)

Cuntas Anailíse Fiontair - Eallach agus Bainne

Ioncam		
Bainne		100,050 [1]
Eallaigh agus Laonna		25,700 [1]
Tarraingtí		550 [1]
Méadú ar luach an eallaigh		6,000 [1]
Íocaíocht aonair – eallach		3,385 [1]
		135,685
Caiteachas		
Pá Uachtarlainne	5,200 [1]	
Leasachán	25,445 [1]	
Speansais ghinearálta Feirme	15,127 [1]	
Eallach	11,200 [1]	
Táillí tréidlia agus cógais	1,925 [2]	58,897
Brabús Comhlán - Eallach agus Bainne		76,788

Cuntas Anailíse Fiontair - Caoirigh

Ioncam		
Caoirigh agus Uain		24,100 [1]
Íocaíocht aonair – caoirigh		6,600 [1]
Olann		800 [1]
Tarraingtí		770 [1]
Méadú ar luach na gcaorach		15,400 [1]
		47,670
Caiteachas		
Leasachán	10,905 [1]	
Speansais ghinearálta Feirme	6,483 [1]	
Caoirigh	8,900 [1]	
Táillí tréidlia agus cógais	825 [1]	27,113
Brabús ar Chaoirigh		20,557

(c) Cuntas ginearálta Brabús agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/23

12

Brabús Comhlán - Eallach		76,788
Brabús Comhlán - Caoirigh		20,557
Ús Infheistíochta		2,400 [1]
Scéim Glas an AE		5,600 [1]
		105,345
Lúide Speansais		
Solas, Teas agus Breosla	41,868 [4]	
Deisiúcháin	5,175 [1]	
Dímheas - Innealra	16,470 [1]	
Dímheas - Foirgnimh	3,780 [1]	
Ús	900 [1]	68,193
Glanbhrabús		37,152 [2]

(d)

8

Mholfainn do Fleming na Painéil Gréine a shuiteáil

Dhéanfaí laghdú €16,747/€18,608 in aghaidh na bliana ar an mbille solais agus teasa.

Mar thoradh air sin, mhéadódh an brabús agus ghnóthódh an gnólacht infheistíocht de €100,000 in thart ar 6 bliana.

Tá neart airgid ag an ngnólacht feirme chun an €100,000 a mhaoiniú mar go bhfuil €32,605 sa bhanc agus €120,000 in infheistíochtaí aige agus tá sé díreach i ndiaidh €30,000 a aisíoc.

Dímheas – Talamh agus Foirgnimh	410,000 -200,000 $210,000 \times .02 \times 3$	210,000 12,600
Dímheas - Mótarfheithiclí	$168,000 \times .10 \times 3$	50,400
Ioncam Infheistíochta	$400/2 \times 12$	2,400
Infheistíochtaí	$2,400/.02$	120,000
Iasacht	$32250/1.075$	30,000
Ús Iasachta	$32,250 - 30,000$	2,250
Ús iasachta dlite	$2,250/18 \times 10$	1,250
Bainne	$100,000 - 6,900 + 6,950$	100,050
Eallaigh agus Laonna	$14,900 + 10,800$	
Caoirigh agus Uain	$15,400 + 8,700$	24,100
Leasachán	35,600 + 750 $36,350 \times 0.70$ $36,350 \times 0.30$	36,350 25,445 10,905
Speansais ghinearálta Feirme	$21,610 \times 0.70$ $21,610 \times 0.30$	15,127 6,483
Táillí tréidliachta agus cógais	$4,120 + 330 - 1,700$ $2,750 \times 0.70$ $2,750 \times 0.30$	2,750 1,925 825
Solas, Teas agus Breosla	$46,850 + 370 - 250 - 450$ $46,520 \times 0.90$	46,520 41,868
Deisiúcháin	5750×0.90	5,175
Ús	$2250 / 18 \times 8$ $1,000 \times 0.90$	1,000 900
Dímheas – Talamh agus Foirgnimh	$210,000 \times .02 \times 0.90$	3,780
Dímheas Mótarfheithiclí & Innealra	$168,000 + 15,000 \times .1 \times 0.90$	16,470

Ceist 4 Dímheas ar Shócmhainní Seasta
6
(a) Cuntas na dTrucailí

01/01/2022 Iarmhéid t/a	[1] 219,000	01/09/2022 Diúscairt	[1] 79,000
01/09/2022 Banc	[1] <u>82,000</u>	31/12/2022 Iarmhéid t/s	[1] <u>222,000</u>
	<u>301,000</u>		<u>301,000</u>
01/01/2023 Iarmhéid t/a	222,000	01/04/2023 Diúscairt	[1] 72,000
01/04/2023 Banc	[1] <u>88,000</u>	31/12/2023 Iarmhéid t/s	<u>238,000</u>
	<u>310,000</u>		<u>310,000</u>
01/01/2024 Iarmhéid t/a	238,000		

32
(b) An Cuntas Soláthair in aghaidh Dímheasa

01/09/2022 Diúscairt	[4] 54,900	01/01/2022 Iarmhéid t/a	[6] 87,920
31/12/2022 Iarmhéid t/s	<u>71,340</u>	31/12/2022 Brabús & Caillteanas	[8] <u>38,320</u>
	<u>126,240</u>		<u>126,240</u>
01/04/2023 Diúscairt	[4] 23,760	01/01/2023 Iarmhéid t/a	71,340
31/12/2023 Iarmhéid t/s	[3] <u>89,700</u>	31/12/2023 Brabús & Caillteanas	[7] <u>42,120</u>
	<u>113,460</u>		<u>113,460</u>
		01/01/2024 Iarmhéid t/a	89,700

14
(c) Diúscairt Chuntas na dTrucailí

01/09/2022 Costas	[1] 79,000	01/09/2022 Trádáil Isteach	[2] 20,000
		Soláthar in aghaidh Dímheasa	[2] 54,900
	<u>79,000</u>	31/12/2022 Brabús & Caillteanas	[1] <u>4,100</u>
			<u>79,000</u>
01/04/2023 Costas	[1] 72,000	01/04/2023 Trádáil isteach	[2] 23,000
31/12/2023 Brabús & Caillteanas	[1] 760	Cúiteamh	[2] 26,000
		Soláthar in aghaidh Dímheasa	[2] <u>23,760</u>
	<u>72,760</u>		<u>72,760</u>

Níor chóir	Costas	Dímheas Bliantúil	2018	2019	2020	2021	2022	2023	Dímheas ar Diúscairt
1	55,000	9,900	6,600	9,900	9,900	9,900	6,600		42,900
	24,000			1,600	4,800	4,000	1,600		12,000
2	68,000	12,240		9,180	12,240	12,240	12,240	12,240	
3	72,000	12,960				7,560	12,960	3,240	23,760
4	82,000	14,760					4,920	14,760	
5	88,000	15,840						11,880	
			6,600	20,680	26,940	33,700	38,320	42,120	

87,920

8

(d)

(i)

Gearrtar dímheas chun costas/luach sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré fhiúntach. Is speansas é dímheas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais. Mura gcuirtear dímheas sna cuntais deiridh d'fhéadfaí áibhéil a dhéanamh faoin mbrabús agus d'fhéadfaí áibhéil a dhéanamh faoin nglanfhiúchas. Ní thaispeánfadh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar an ngnólacht.

(ii)

Is éard is saolré eacnamaíoch fhiúntach ann ná an tréimhse ama a bhfuiltear ag súil leis go bhfanfaidh sócmhainn sheasta tairbheach/úsáideach don ghnólacht. Is éard atá ann go bunúsach ná cé chomh fada agus a bhfuil ag súil go gcuirfidh an tsócmhainn sheasta le giniúint ioncaim sula n-imeoidh sí as feidhm nó nach mbeidh sé costéifeachtach í a úsáid a thuilleadh. Nuair a dhéantar dímheas ar shócmhainn go dtí nach bhfuil sí úsáideach don ghnólacht a thuilleadh, deirtear go bhfuil sí imithe thar a saolré eacnamaíoch. Mar shampla, ceannaíonn gnólacht Mótarfheithicil ar féidir í a úsáid ar feadh 5 bliana ach ní bheidh aon luach dramhábhair uirthi ag deireadh na 5 bliana. Déanfaidh an chuideachta í a dhímheas faoi 20% in aghaidh na bliana thar an tréimhse 5 bliana.

Ceist 5 Léirmhíniú Cuntas

50

(i) $\frac{605,000}{10} = 60,500 \times 2 = 121,000$
 $121,000 - 65,000 = 56,000$

(10)

(ii) Toradh ar an gCaipiteal arna Úsáid $\frac{\text{Brabús Oibriúcháin}}{\text{Caipiteal in Úsáid}} \times 100$

$$\frac{110,000 + 12,000}{705,000} \times 100 = 17.3\% \quad \mathbf{(10)}$$

(iii) Cóimheas Praghas/Tuilleadh = $\frac{\text{Praghas an Mhargaidh}}{\text{EPS}}$

$$\frac{125\text{c}}{27.1\text{c}} = 4.61 \text{ bliain} \quad \mathbf{(10)}$$

$$\text{EPS} = \frac{110,000 - 1,600}{400,000} = 27.1\text{c}$$

(iv) Giaráil = $\frac{\text{Fiachas Úis Sheasta}}{\text{Caipiteal in Úsáid}} \times 100$

$$\frac{190,000}{705,000} \times 100 = 26.95\% \quad \mathbf{(10)}$$

Tá Fiach ar Chothromas inghlactha go hiomlán anseo agus ba chóir don dalta teacht ar fhreagra 36.89% chun lánmharcanna a fháil.

(v) Toradh Díbhinne
 $\frac{\text{DPS} \times 100}{\text{MP}}$

$$\frac{4.6\text{c} \times 100}{125\text{c}} = 3.68\% \quad \mathbf{(10)}$$

$$\text{DPS} = \frac{20,000 - 1,600}{400,000} = 4.6\text{cent}$$

Dhéanfadh bainisteoir an Bhainc anailís ar an bhfeidhmíocht, ar an staid gnóthaí agus ar ionchais na cuideachta faoi na ceannteidil seo a leanas:

Cuspóir[2]

Bheadh an bainisteoir bainc ag iarraidh an chúis atá leis an iasacht a fháil amach atá faoi choinne an trealamh déantúsaíochta a uasghrádú. Is cosúil gur cúis mhaith é sin chun an iasacht a dheonú toisc go bhfeabhsófar éifeachtúlacht an ghnólachta, beidh costas níos ísle in aghaidh an aonaid agus méadófar brabúsacht fhadtéarmach.

Feidhmíocht

Brabúsacht [7]

- Is cuideachta bhrabúsach í Ó Ceallaigh cpt.
- Is é 17.3% an toradh ar chaipiteal a úsáideadh in 2023.
- Tá feabhas tagtha ar bhrabúsacht i gcomparáid le 2022 nuair b'ionann an toradh agus 15%.
- Tá sé sin i bhfad níos airde ná an toradh ó infheistíochtaí saor ó riosca de 0.25% - 3.75% agus costas na hiasachta de 8%, an 9% ar an iasacht nua.
- Léiríonn sé sin úsáid éifeachtach a cuid acmhainní i mbliana.
- Tá méadú tagtha ar an tuilleamh in aghaidh na scaire ó 15 cent in 2022 go 27.1 cent in 2023. Is treocht dhearfach é sin agus shásódh sé bainisteoir an bhainc.

Beartas Díbhinne [4]

- In 2023 is é 5.89 uair an clúdach díbhinne. (Íoctar 16.98% de na brabúis leis na gnáth-scairshealbhóirí).
- In 2022 is é 2.5 uair an clúdach díbhinne. (Íoctar 40% de na brabúis leis na gnáth-scairshealbhóirí). Is treocht dhearfach é sin.
- Bheadh Bainisteoir an Bhainc sásta go bhfuil Ó Ceallaigh Teo. ag coinneáil brabús chun leathnú agus le haghaidh aisíocaíochtaí amach anseo ar iasachtaí agus ús.

Staid Gnóthaí

Leachtacht [5]

- Is é 1.37:1. an cóimheas fiorthástála/Mearthástála in 2023.
- Ciallaíonn sé sin go bhfuil €1.37 i sócmhainní leachtacha ag an ngnólacht in aghaidh gach €1 d'fhiachas gearrthéarmach chun an fiachas sin a chlúdach.
- Ba é 1.20:1 an Cóimheas Fiorthástála in 2022. Is treocht é sin atá ag feabhsú agus tá an chuideachta leachtach.
- Tá an cóimheas os cionn an chóimheasa idéalachaigh 1:1
- Níor cheart go mbeadh aon fhadhb ann maidir le haisíocaíochtaí úis.

Giaráil [9]

- Is é 26.95% an cóimheas giarála in 2023 (Fiachas/Caipiteal in Úsáid)/36.89% (Fiachas/Cothromas)
- Tá an chuideachta giaráilte go híseal mar go bhfuil sé sin faoi bhun 50%/100% (Fiachas/Cothromas).
- Ciallaíonn sé sin go bhfuil sí á mhaoiniú níos mó le cothromas ná mar a tá sí le fiachas agus nach bhfuil sí ag brath ar infheistíochtaí seachtracha.
- Ba é 15% an ghíaráil in 2022, tá an treocht ag dul in olcas. Tá Goodwin cpt ag brath níos mó ar fhiachas ach tá an chuideachta fós giaráilte go han-íseal.
- Dá ndeontófaí an iasacht nua mhéadódh an ghíaráil go 43.1% (Fiachas/Caipiteal in Úsáid) nó 75.73% (Fiachas/Cothromas). Bheadh an chuideachta fós giaráilte go híseal mar sin níl aon chúis imní ann.
- Is é an clúdach úis in 2023 ná 10.17 uair.
- Léiríonn sé seo go bhfuil dóthain brabúis ag an gcuideachta chun íocaíochtaí úis a íoc.
- Ba é 5 huaire an clúdach úis in 2022, mar sin is treocht é atá ag feabhsú.
- Leis an iasacht nua, thiocfadh laghdú ar an gclúdach úis go dtí 4.06 uair, clúdach atá fós an-fhóna agus léireodh sé go mbeadh na híocaíochtaí úis ar an iasacht nua clúdaithe go leordhóthanach ó bhrabúis.

Slándáil [7]

- €150,000 atá sna bintiúir, agus tá siad urraithe agus le haisíoc in 2027.
- Tá na sócmhainní seasta inláimhsithe luacháilte ag €480,000/€630,000/€730,000.
- Tá dóthain urrúis ann chun na bintiúir reatha a chlúdach, ach ba mhaith le bainisteoir an bhainc polasaí dímheasa an ghnólachta a cheistiú chun fíorluach na sócmhainní seasta a fháil amach.
- D'fhéadfaí na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá ann cheana, má tá siad luacháilte i gceart, a úsáid freisin mar urrús don iasacht nua ($480,000 - 150,000 = 330,000$) agus le €330,000 (urrús leordhóthanach) ar fáil, clúdaítear an iasacht nua de €200,000 go leordhóthanach.
- Tá infheistíochtaí ag Ó Ceallaigh cpt freisin a chosain €100,000 agus ar fiú €120,000 anois iad. Thabharfadh sé sin le fios go bhfuil cinntí maithe infheistíochta déanta ag an lucht bainistíochta.

Ionchais

Earnáil [5]

Feidhmíonn an chuideachta san earnáil fuinnimh in-athnuaite. Tá na hionchais ghearrthéarmacha go maith toisc go bhfuil an tionscal fuinnimh in-athnuaite ina thionscal atá ag fás de réir mar atá daoine ag éirí níos feasaí faoin gcomhshaol - is féidir le teaghlaigh deontais a fháil chun painéil ghréine a shuiteáil agus ní ghearrtar CBL ar shuiteáil na bpainéal sin. Tá na hionchais fhadtéarmacha spreagúla freisin agus daoine ag iarraidh bogadh ar shiúl ó bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise agus ó bhillí fuinnimh níos airde mar gheall ar dhálaí eacnamaíocha luaineacha.

Conclúid: [1]

- Ba cheart do bhainisteoir an bhainc an iasacht a dheonú toisc go bhfuil an chuideachta brabúsach, leachtach agus go bhfuil sí giaráilte go híseal.

(c) (i)

Tá ráta na Díbhinní socraithe do scaireanna Tosaíochta. Níl aon ráta seasta díbhinne ann do ghnáthscaireanna.

Níl aon chearta vótála ag scairshealbhóirí tosaíochta maidir le cinntí ríthábhachtacha a dhéanamh a bhaineann leis an gcuideachta. Tá cearta vótála ag gnáth-scairshealbhóirí.

Tugtar tús áite do scairshealbhóirí tosaíochta maidir le díbhinn a íoc. Íoctar díbhinn le Gnáth-scairshealbhóirí má tá dóthain brabúis ag an gcuideachta chun an íocaíocht a chlúdach.

(c) (ii)

Dá gceannófaí Gnáthscaireanna dar luach €20,000 in Ó Ceallaigh cpt, thabharfaí 16,000 gnáthscair don infheisteoir sa chuideachta. Ar an DPS reatha gheobhadh an t-infheisteoir €736/3.68% de dhíbhinn. Gheobhadh sé €960 anuraidh. D'fhéadfadh sé sin méadú nó laghdú in aon bhliain ar leith. D'fhéadfadh luach na scaire méadú nó laghdú freisin.

Dá gceannófaí luach €20,000 de scaireanna Tosaíochta thabharfaí díbhinn ráthaithe de €800/4%. Mar sin féin níl aon cheart ag an infheisteoir maidir le conas a réachtáiltear an chuideachta.

Mholfainn do mo chara na scaireanna tosaíochta a cheannach más mian leo toradh ráthaithe a fháil ar a gcuid airgid ach má tá siad sásta dul san fhiontar, d'fhéadfadh siad toradh níos fearr a fháil ar a n-infheistíocht má cheannaíonn siad gnáthscaireanna.

Ceist 6
(a) (i)

20

Cuntas Brabúis & Caillteanais Giorraithe don bhliain dar críoch 31/12/2023

Brabús Oibriúcháin	92,000	[2]
Ioncam Infheistíochta	<u>1,050</u>	[3]
	93,050	
Ús bintiúir	<u>(9,200)</u>	[3]
Brabús roimh cháin	83,850	
Taisce	<u>(45,000)</u>	[3]
Brabús i ndiaidh cánach	38,850	
Lúide Díbhinn íoctha	<u>(25,000)</u>	[3]
Tuilleamh coimeádta	13,850	
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2023	<u>74,550</u>	[3]
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2023	<u>88,400</u>	[3]

19

An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

Brabús Oibriúcháin	92,000	[2]
Suimigh Dímheas	48,000	[3]
Caillteanas ar Dhíolachán Sócmhainne Seasta	500	[2]
Paitinn díscríofa	13,000	[2]
Méadú ar stoc	(10,300)	[2]
Méadú ar Fhéichiúnaithe	(2,000)	[2]
Méadú sa Soláthar in aghaidh Drochfhéich	60	[2]
Méadú ar Chreidiúnaithe	<u>14,000</u>	[2]
Airgead Glan Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>155,260</u>	[2]

(ii)

46

Ráiteas faoi shreabhadh airgid Simpson cpt don bhliain dar críoch 31/12/2023

	€	€
Gníomhaíochtaí oibriúcháin [1]		
Airgead glan isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		155,260 [2]
Toradh ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais [1]		
Ioncam Infheistíochta Faighte	550 [4]	
Ús Bintiúir Íoctha	(7,800) [4]	(7250)
Cánachas [1]		
Cáin Íoctha		(43,200) [4]
Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais [1]		
Fáltais ó dhíolachán Sócmhainní Seasta	8,500 [2]	
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(150,000) [5]	(141,500)
Díbhinní Cothromais Íoctha [1]		
Díbhinní íoctha		(25,000) [2]
Glan-eis-sreabhadh Airgid roimh shócmhainní Leachtacha agus Maoiniú [1]		(61,690) [1]
Bainistíocht Acmhainní Leachtacha [1]		
Ceannach urrús Rialtais		(8,000) [2]
Maoiniú [1]		
Bintiúir a Eisiúint	10,000 [3]	
Fáltais ó Eisiúint Gnáthscaireanna	50,000 [3]	
Scairbhiseach	15,000 [3]	
		75,000
Méadú ar Airgead		5,310 [3]

5

An Glanairgead a réiteach leis an athrú ar Ghlanfhiachas	€	
Méadú ar Airgead		5,310 [1]
Airgead tirim a úsáideadh chun Urrúis Rialtais a Cheannach	8,000 [1]	
Ceannach Bintiúir	(10,000) [1]	(2,000)
Athrú ar Ghlanfhiachas		3,310
Glanfhiachas 1/1/2023		(110,630) [1]
Glanfhiachas 31/12/2023		(107,320) [1]
-		

(b)

- (i) Léiríonn brabús feidhmíocht airgeadais gnólachta ach léiríonn sreabhadh airgid thirim cumas gnólachta a chuid billí a íoc srl.

Tá ráiteas ar shreabhadh airgid thirim tairbheach do ghnólacht ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cuidíonn sé le gnólacht a shreabhadh airgid/leachtacht a bhainistiú ar bhealach níos fearr.
- Is féidir leis cuidiú le pleanáil airgeadais/cinnteoireacht airgeadais don toadhcháí.
- Léiríonn sé nach ionann brabús i gcónaí agus airgead tirim.
- Cinntíonn sé go gcomhlíonann an gnólacht DLÍ na gCuideachtaí.
- Is féidir é a úsáid mar chuid de straitéis iarratais ar iasacht.
- Taispeánann sé na hinsreafaí agus na heis-sreafaí airgid go léir don tréimhse.

- (ii) Léiríonn Cuntais Brabúis agus Caillteanais agus Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Simpsons cpt go ndearnadh brabús oibriúcháin de €92,000 ach nach raibh ach €5,310 i gceist leis an méadú ar airgead tirim don bhliain.

Brabús ach Ní Airgead Tirim:

Bíonn tionchar ag Díolacháin Creidmheasa ar bhrabús ach ní bíonn tionchar acu ar airgead tirim. Tháinig méadú €2,000 ar fhéichiúnaithe.

Bíonn tionchar ag ceannacháin chreidmheasa ar bhrabús ach ní bíonn tionchar acu ar airgead tirim. Tháinig méadú €14,000 ar chreidiúnaithe.

Bíonn tionchar ag Caillteanas ar Dhíolachán Sócmhainne Seasta ar bhrabús ach ní bíonn tionchar aige ar airgead tirim. Tá caillteanas €500 ar an díolachán.

Bíonn tionchar ag dímheas Sócmhainní Seasta ar bhrabús ach ní bhíonn tionchar aige ar airgead tirim. Dímheas €48,000.

Bíonn tionchar ag paitinní amúchta ar bhrabús ach ní bhíonn tionchar acu ar airgead tirim. Paitinní amúchta de €13,000.

Bíonn tionchar ag méadú ar sholáthar in aghaidh drochfhéich ar bhrabús ach ní bhíonn aon éifeacht aige ar airgead tirim. Tá méadú €60 ar an soláthar in aghaidh drochfhéich.

Airgead tirim ach ní Brabús:

Bíonn tionchar ag fáiltais ó dhíolachán Sócmhainní Seasta ar airgead tirim ach ní bhíonn aon éifeacht láithreach aige ar bhrabús. Fuarthas €8,500 ó dhíolachán sócmhainní seasta.

Bíonn tionchar ag íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a cheannach ar airgead tirim ach ní bhíonn éifeacht láithreach aige ar bhrabús. Ceannaíodh sócmhainní seasta nua ar €150,000.

Bíonn tionchar ag fáiltais ó Eisiúint Scaireanna agus Préimh ar airgead tirim ach ní bhíonn aon éifeacht láithreach aige ar bhrabús. Eisíodh scaireanna nua ar €65,000.

Bíonn tionchar ag fáiltais ó Eisiúint Bintiúr ar airgead tirim ach ní bhíonn aon tionchar láithreach aige ar bhrabús. Fuarthas €10,000 ó eisiúint Bintiúr.

Bíonn tionchar ag ceannach urrús rialtais ar airgead tirim ach ní bhíonn éifeacht láithreach aige ar bhrabús. Caitheadh €8,000 ar urrúis rialtais.

Ceist 7 Earráidí a cheartú.

50

(a) Dialann Ghinearálta

Dialann Ghinearálta			
		Dochar	Sochar
(i)	Bank Banc	900[2]	
	Féichiúnaithe	225[3]	
	Drochfhiach aisghafa		1,125[2]
	Arb é sin breacadh drochfhéich a gnóthaíodh a fágadh ar lár ó na cuntais [1]		
(ii)	Díolacháin	1,200[2]	
	Féichiúnaí		2,000[2]
	Fionraí	800[2]	
	Airgead Tirim/Banc	10,000[2]	
	Veaineanna Seachadta		20,000[2]
	Soláthar in aghaidh Dímheasa	8,000[2]	
	Caillteanas B/C	2,000[2]	
	Arb é sin ceartú ar thaifeadadh mícheart ar veain seachadta a díoladh ar airgead tirim [1]		
(iii)	P&L Fógraíocht - B&C	900[2]	
	B/S Fógraíocht dlite - B/S		900[2]
	B/S Cíos Réamhíoctha - B/S	1,200[2]	
	Cíos - B&C		1,200[2]
	Arb é sin ceartú ar earráid nach bhfuil fógraíocht dlite agus an Cíos réamhíoctha taifeadta sna leabhair [1]		
(iv)	Trealamh	4,920[2]	
	Féichiúnaithe	920[2]	
	Díolacháin		4,000[2]
	CBL		920[2]
	Fionraí		920[2]
	Arb é sin ceartú ar iontráil mhícheart earraí a díoladh ar cairde sna leabhair [1]		
(v)	Creidiúnaithe	13,400[2]	
	Lúide Tuairisceáin		5,600[2]
	Fionraí		7,800[2]
	Arb é sin ceartú ar thaifeadadh mícheart tuairisceán ceannachán agus táille athstocála [1]		

(b) Cuntas Fionraí**10**

Cuntas Fionraí			
Bundifríocht	7,920 [2]	Trealamh/Féichiúnaithe	920 [2]
Díolacháin/Féichiúnaithe	<u>800 [2]</u>	Creidiúnaithe/Ceannacháin	<u>7,800 [2]</u>
	<u>8,720</u>		<u>8,720</u>

Is é nialas an t-iarmhéid deiridh ar an gcuntas fionraí i gcónaí. Is í an chúis leis sin gur cuntas sealadach é an cuntas fionraí ina bhfuil roinnt earráidí a chuireann cosc ar chothromaíocht an chomhardaithe trialach. Nuair a dhéantar na hearráidí sin a cheartú tríd an gcuntas fionraí, ba cheart go mbeadh an cuntas glan. [2]

14**(c)**

Ráiteas ar Ghlanbhrabús Ceart		
Glanbhrabús bunaidh		53,100 [1]
Móide		
Drochfhiach aisghafa	1,125 [2]	
Cíos	1,200 [1]	
Díolacháin	4,000 [1]	
Lúide tuairisceáin	5,600 [1]	11,925
		65,025
Lúide		
Díolacháin	1,200 [1]	
Caillteanas B/C	2,000 [2]	
Fógraíocht	900 [1]	4,100
Glanbhrabús Ceart		<u>60,925 [4]</u>

(d)

20

Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31/12/2023

	€	€	€
	Costas	Dímheas	Glanluach leabhar
Sócmhainní Seasta			
Áitreabh	450,000		450,000
Veaineanna seachadta	40,000 [2]	22,000 [2]	18,000
Trealamh	31,920 [2]		31,920
	521,920	22,000	499,920
Sócmhainní Reatha			
Stoc		47,100	
Féichiúnaithe(+225 - 2,000 +920)		11,745 [3]	
Airgead (+10,000)		20,100 [1]	
Cíos Réamhíochta		1,200 [1]	
		80,145	
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe (-13,400 +7,920)	53,320 [2]		
Banc (-900)	15,200 [1]		
CBL (+920)	8,620 [1]		
Fógraíocht dlite	900 [1]	(78,040)	2,105
			502,025
Maoinithe ag			
Caipiteal		455,000 [1]	
Glanbhrabús Ceart		60,925	
		515,925	
Lúide Tarraingtí		(13,900)	502,025
			502,025[3]*

Tá an dá iomlán ceart *

(e)

6

Tarlaíonn earráid phrionsabail nuair a thaifeadtar mír ar an taobh ceart den aicme mhícheart chuntais. Mar shampla, cheannaigh mórdhíoltóir leictreach Mótarfheithicil lena húsáid chun earraí a cheannaítear ar líne a sheachadadh, ach cuimsítear an veain sa chuntas Ceannachán seachas sa chuntas Mótarfheithicilí.

(a) Buiséid Sholúbtha**(i) Forchostais Táirgthe**

	Aonaid	€
Ard	38,000	191,000
Íseal	<u>20,000</u>	<u>110,000</u>
Difríocht	18,000	81,000

Costas Athraitheach:

$81,000 / 18,000 = €4.50$ in aghaidh an aonaid [6]

Costas Seasta:

@ 38,000 aonad $191,000 - (38,000 \times 4.50) = €20,000$ [5]

@ 20,000 aonad $110,000 - (20,000 \times 4.50) = €20,000$

(ii) Forchostais Eile:

	Aonaid	€
Ard	38,000	311,400
Íseal	<u>20,000</u>	<u>171,000</u>
Difríocht	18,000	140,400

Costas Athraitheach:

$140,400 / 18,000 = €7.80$ in aghaidh an aonaid [6]

Costas Seasta:

@ 38,000 aonad $311,400 - (38,000 \times 7.80) = €15,000$ [5]

@ 20,000 aonad $171,000 - (20,000 \times 7.80) = €15,000$

(iii) **Buiséad Solúbtha ag Leibhéal Gníomhaíochta 85%**

	€	€	
Díolacháin (34,000 aonad)		1,496,000 [1]	€44 p.u.
Lúide Costais Athraitheacha:			
Ábhair (34,000 x 4.50)	153,000 [1]		
Saothar (34,000 x 15)	510,000 [1]		
Forchostas Táirgthe (34,000 x €4.50)	153,000 [1]		
Forchostas Eile (34,000 x 7.80)	<u>265,200 [1]</u>	(1,081,200)	€31.80p.u.
Ranníocaíocht		414,800 [3]	€12.20p.u.
Lúide Costais Sheasta			
Forchostas Táirgthe	20,000 [1]		
Forchostas Eile	15,000 [1]		
Riarachán	<u>80,600 [1]</u>	(115,600)	
Brabús		<u>299,200 [2]</u>	

Obair:

$$1,081,200 + 115,600 = 1,196,800 = 80\%$$

$$1,196,800 / 80 \times 100 = 1,496,000$$

(iv) $\text{Pointe Coimheá} = \frac{115,600}{12.20} = 9,476 \text{ aonad [5]}$

$$\text{Lamháil sábháilteachta} = 34,000 - 9,476 = 24,524 \text{ aonad [4]}$$

- (v) Is éard is costais inrialaithe ann ná costais ar féidir le bainisteoir an ionaid chostais maoirseacht a dhéanamh orthu. Is é an bainisteoir a dhéanfaidh an cinneadh faoi mhéid an chostais nó ar cheart an costas a thabhtú agus féadfar an fhreagracht a chur air as athraithis sna costais sin. m.sh. tá gach costas athraitheach inrialaithe. Is féidir leis an mbainisteoir coimisiúin don phearsanra díolacháin a rialú. [4]

(b) Luacháil Stoic

(i)

32

Ceannacháin

Aonaid	Praghas	Costas
	€	€
6,500	9.00	58,500
3,700	9.50	35,150
2,600	9.75	25,350
1,200	10.00	12,000
14,000		131,000

Díolacháin

Aonaid	Praghas	Ioncam	Aonaid	Praghas	Ioncam	Ioncam Iomlán
Díolacháin chreidmheasa			Díolacháin ar Airgead			
	€	€		€	€	€
1,900	12	22,800	200	11	2,200	25,000
1,700	13	22,100	1,900	12	22,800	44,900
2,900	14	40,600	2,800	13	36,400	77,000
700	15	10,500	1,600	14	22,400	32,900
7,200		96,000	6,500		83,800	179,800

Luach an Stoic Deiridh:

Stoc Tosaigh	5,000 [1]
Ceannacháin	14,000 [1]
Díolacháin ar Cairde	(7,200) [1]
Díolacháin ar Airgead	<u>(6,500) [1]</u>
Stoc Deiridh	5,300 [1]

Luach an Stoic Deiridh: €

1,200 @ 10	12,000 [2]
2,600 @ 9.75	25,350 [2]
<u>1,500 @ 9.50</u>	<u>14,250 [2]</u>
5,300	<u>51,600 [2]</u>

(b) (ii)

Cuntas Trádála Touhy Teo don bhliain dar críoch 31/12/2023.

	€	€
Díolacháin		179,800 [3]
<u>Lúide Costais Díolachán</u>		
Stoc Tosaigh	40,000 [2]	
Ceannacháin	131,000 [3]	
Stoc Deiridh	<u>(51,600) [2]</u>	<u>(119,400)</u>
Brabús Comhlán		<u>60,400 [3]</u>

(iii)

Is modh luachála stoic coitianta é FIFO (is túisce isteach, is déanaí amach) a úsáidtear i gcuntasaíocht chostála.

Faoi mhodh FIFO, díoltar/úsáidtear na hearraí is luaithe a ceannaíodh nó a táirgeadh ar dtús. Tríd an stoc is sine atá agat a dhíol ar dtús, léirítear a phraghas nó a luach mar an meastachán is cruinne ar gach earra stoic.

Modh malartach –

- LIFO
- Meánchostas
- Meán Ualaithe
- Costas Caighdeánach

[6]

Ceist 9 Buiséadú

(a) Buiséad Táirgthe

11

	Iúil	Lúnasa	MF	DF	Sam
Aonaid Díolachán	12,500 [1]	12,700[1]	13,800[1]	14,900[1]	14,500
Stoc Tosaigh	-	(5,080) [1]	(5,520) [1]	(5,960) [1]	(5,800)
Stoc Deiridh	5,080[1]	5,520[1]	5,960[1]	5,800[1]	6,160
Aonaid Táirgthe	17,580	13,140	14,240	14,740	14,860

(b) Buiséad Ceannachán Amhábhair

13

	Iúil	Lúnasa	MF	DF	Sam
Aonaid Táirgthe	17,580 [1]	13,140	14,240	14,740	14,860
Ábhair in aghaidh an aonaid	X 5 [1]	X 5	X 5	X 5	X 5
Riachtanais Táirgthe	87,900[1]	65,700	71,200	73,700	74,300
Stoc Tosaigh	-	(6,570) [1]	(7,120) [1]	(7,370) [1]	
Stoc Deiridh	6,570[1]	7,120[1]	7,370[1]	7,430[1]	
Aonaid Cheannaigh	94,470[1]	66,250	71,450	73,760	
Praghas Ceannaigh in aghaidh an aonaid	X €4 [1]	X €4	X €4	X €4	
Ceannacháin in €	377,880	265,000	285,800	295,040[1]	

(c) Buiséad Airgid

	Lúil	Lúnasa	Mí Mheán Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Fáltais				
Díolacháin ar Airgead	178,125 [1]	180,975 [1]	196,650 [1]	212,325 [1]
Díolacháin ar Cairde		437,500 [1]	444,500 [1]	483,000 [1]
Iomlán na bhFáltais	178,125	618,475	641,150	695,325
Íocaíochtaí				
Ceannacháin			377,880 [1]	265,000 [1]
Pá	86,500 [1]	87,500 [1]	93,000 [1]	98,500 [1]
Forchostais Athraitheacha	263,700 [1]	197,100 [1]	213,600 [1]	221,100 [1]
Forchostais Sheasta	13,750 [1]	13,750	13,750	13,750
Trealamh	60,000 [1]			
Tráthchuid lasachta		1,000 [1]	1,000 [1]	1,000 [1]
Ús lasachta	240 [1]	235 [1]	230 [1]	225 [1]
Iomlán na nÍocaíochtaí	42,4190	299,585	699,460	599,575
Airgead Glan	(246,065) [1]	318,890 [1]	(58,310) [1]	95,750 [1]
lasacht Bhainc	48,000 [1]			
Airgead Tosaigh		(198,065)	120,825	62,515
Airgead Deiridh	(198,065)	120,825	62,515	158,265 [3]

(d) Cuntas Trádála, Brabús agus Caillteanais a ullmhú le haghaidh na 4 bliana dar críoc 31/10/2024

Díolacháin		2,695,000 [1]
Lúide Costais Díolachán		
Ceannacháin	1,223,720 [1]	
Lúide Stoc Deiridh:		
RM:(7,430 x 4)	(29,720) [1]	
FG: (5,800 x 30)	(174,000) [1]	(1,020,000)
Brabús Comhlán		1,675,000
Lúide Speansais		
Forchostais Athraitheacha	895,500 [1]	
Forchostais Sheasta	55,000 [1]	
Pá	365,500 [1]	
Dímheas	5,000 [1]	
Lascaine	40,425 [1]	(1,361,425)
Brabús Oibriúcháin		313,575
Ús		(930) [1]
Glanbhrabús		312,645 [2]

(e)

Teicníc is ea anailís athraithe a úsáidtear i gcuntasaíocht chostála agus bhainistíochta chun na torthaí iarbhair a baineadh amach a chur i gcomparáid leis na figiúirí buiséadaithe. Is modh cainníochtúil é a chuidíonn le smacht a choinneáil ar ghnólacht.

Eascaíonn éagsúlacht fhabhrach i gcás ina mbíonn na speansais iarbhair níos lú ná speansais bhuiséadaithe nó ina mbíonn an t-ioncam iarbhair os cionn an fhigiúir ioncaim buiséadaithe. Mar shampla, d'fhéadfadh Ó Néill margadh níos fearr ó sholáthróirí a idirbheartú agus na hamhábhair a cheannach ar níos lú ná €4. D'fhéadfadh sé go n-íocfadh Ó Néill coimisiún de níos lú ná 10% d'ioncam díolacháin in aghaidh na míosa lena fhostaithe.

Nóta	Úsáid
	Gné cheart (n marc).
	Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó easnamhach
	Tagraítear do nótaí/obair.
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / Faisnéis neamhbhailí
	Freagra farasbairr nó cuid den fhreagra. Marcanna bronnta áit éigin eile
	Lúide marc amháin - Pionós Ríomh mícheart, figiúr san áit mhícheart, gan aistriú, aistriú mícheart nó obair déanta athuair.
	Leath-mharcanna bronnta- Gan aistriú.
	Cuirtear líne faoi.

